AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.9.2024
COM(2024) 416 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh
CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC), a mhéid a bhaineann le modh anailíse amháin agus Caighdeán Trádála IOC le haghaidh ola olóige agus ola phrabhaite olóige

{SWD(2024) 224 final}

IARSCRÍBHINN

Tacóidh an tAontas Eorpach leis na leasuithe seo a leanas ar an gCaighdeán Trádála agus modhanna anailíse de chuid IOC le linn an 120ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí IOC atá le reáchtáil i mí na Samhna 2024 nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, ar nós imeachta é a thionscnófar roimh an gcéad seisiún tráthrialta eile a bheidh aici i mí an Mheithimh 2025:

– an t-athbhreithniú ar an gCaighdeán Trádála dar teideal ‘COI/T.15/NC No. 3’ is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige trí athrú a dhéanamh ar uimhir na n-athbhreithnithe a bhaineann leis an modh chun measúnú orgánaileipteach a dhéanamh ar olaí olóige íona agus leis an modh chun cion céaracha agus eistear eitile aigéad sailleach a chinneadh trí bhíthin crómatagrafaíocht gháis le colún ribeach;

– an t-athbhreithniú ar an modh dar teideal ‘COI/T.20/Doc. No. 28/Rev. 3’ (*Cion céaracha agus eistear eitile aigéad sailleach a chinneadh trí bhíthin crómatagrafaíocht gháis le colún ribeach*).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Chomhaltaí IOC oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid IOC a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad as leasuithe dá dtagraítear sa chéad mhír.